NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11008 — CDC GROUP / EDF / ENGIE / IN GROUPE / ARCHIPELS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 115/07)

1. An 21 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Caisse des Dépôts et Consignations ("CDC", an Fhrainc),

— Électricité de France S.A. ("EDF", an Fhrainc),

— ENGIE S.A. ("Engie", an Fhrainc),

— Imprimerie Nationale S.A. ("IN", an Fhrainc),

— Archipels S.A.S. ("Archipels", an Fhrainc).

Gheobhaidh CDC, EDF, Engie agus IN rialú comhpháirteach ar Archipels de réir bhrí Airteagal 3, mír 1, pointe (b), agus Airteagal 3, mír 4, den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CDC: institiúid ar úinéireacht phoiblí Francach a bhfuil stádas dlíthiúil speisialta aige agus a dhéanann gníomhaíochtaí leasa ghinearálta agus gníomhaíochtaí atá ar oscailt d'iomaíocht sna hearnálacha comhshaoil, eastáit réadaigh, infheistíochta agus caipitil, agus seirbhísí,

— EDF: gnóthas atá gníomhach, sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch, i dtáirgeadh agus i mórdhíol leictreachais, i dtarchur, i ndáileadh agus i soláthar leictreachais, i soláthar seirbhísí eile a bhaineann le leictreachas agus, ar bhonn níos lú, i dtáirgeadh agus i mórdhíol agus i miondíol gáis,

— Engie: gnóthas atá gníomhach ar fud an domhain i seirbhísí gáis nádúrtha, leictreachais agus fuinnimh,

— IN: gnóthas atá gníomhach, sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch, in earnáil na seirbhísí a bhaineann le céannacht fhisiceach agus seirbhísí digiteacha slána,

— Archipels: gnóthas atá gníomhach sa Fhrainc san earnáil a bhaineann le blocshlabhra, doiciméid agus faisnéis a bhaineann leis an duine aonair agus leis an ngnóthas a dhaingniú agus a dheimhniú, agus punanna faisnéise a bhaineann le gnóthas agus faisnéis a bhaineann leis an duine aonair a bhainistiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11008 — CDC GROUP / EDF / ENGIE / IN GROUPE / ARCHIPELS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.